Christy O'Connor Junior

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhás Christy O'Connor Junior. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin bhfear leis an duine in aice leat:



Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

notable	_____
being waked	_____
sympathy/condolence	_____
a great golfer	_____
honorary degree	_____
67 years	_____
he died suddenly	_____
he is survived by his wife	_____
two children	_____
close friend	_____
advisor	_____
his funeral mass	_____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus breac síos an oiread eolais agus is féidir faoi Christy O'Connor Junior. Ansin, féach cad a bhí ag an duine in aice leat.

Ceist 4 agus

A. Cuir na focail seo a bhaineann le bás duine sa tuiseal ainmneach sa tuiseal ginideach:

Aifreann
tórramh
sochraid

B. Cén Ghaeilge atá ar *burial*?

C. I gcanúint Uladh úsáidtear an focal ***tórramh*** le haghaidh an fhocail ***sochraid***. Cén Ghaeilge atá ag na hUltaigh ar *wake*, mar sin?

Ceist 5 Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na hainmfhocail seo ó www.foclóir.ie. Bainigí úsáid as na samplaí chun an difríocht idir tréaniolraí agus lagiolraí a mhíniú.

bád, *m*. (*gs*. & *npl*. báid, *gpl*. ~). Boat. ~ **fada**, ship's boat; pinnace.

búistéir, *m*. (*gs*. -éara, *pl*. ~í). Butcher.

Féach ar na focail faoi **cheist 4 A** arís – an bhfuil lagiolra nó tréaniolra ag na focail sin?

Ceist 6 '…*Go ndéana Dia trócaire ar a ainm dílis*…'

I. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Déanaigí ransú intinne ar na focail agus ar na frásaí ar fad atá ar eolas agaibh chun comhbhrón a chur in iúl.

II. Anois, scríobhaigí cárta comhbhróin le chéile: fuair seanathair bhur gcarad bás inné.

III. Is minic a bhíonn tagairtí do Dhia i bhfrásaí a bhaineann le comhbhrón a dhéanamh, cad a cheapann sibh faoi sin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

notable	*mór le rá*
being waked	*á thórramh*
sympathy/condolence	*comhbhrón*
a great golfer	*sárghalfaire*
honorary degree	*céim oinigh*
67 years	*seacht mbliana le cois na trí scór*
he died suddenly	*cailleadh é go tobann*
he is survived by his wife	*maireann a bhean*
two children	*beirt chlainne*
close friend	*dlúthchara*
advisor	*comhairleoir*
his funeral mass	*Aifreann a shochraide*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

A.

	Aifreann	**tórramh**	**sochraid**
Ainmneach uatha	an tAifreann	an tórramh	an tsochraid
Ginideach uatha	tábhacht an Aifrinn	teach an tórraimh	am na sochraide

B.

Burial – adhlacadh

C.

Faire

Ceist 5

bád**, *m*. (*gs*. & *npl*. báid, *gpl*. ~). Boat. ~** fada**, ship's boat; pinnace.**

Ciallaíonn gpl. ~ sa sampla sin go bhfuil lagiolra ag an ainmfhocal ***bád***, mar tá an fhoirm chéanna i gceist sa tuiseal ginideach iolra agus sa tuiseal ainmneach uatha.

búistéir, *m*. (*gs*. -éara, *pl*. ~í). Butcher.

Níl ach aon iontráil amháin den ainmfhocal ***búistéir*** san iolra sa sampla thuas, rud a chiallaíonn go bhfuil an leagan céanna den ainmfhocal sa tuiseal ainmneach iolra agus sa tuiseal ginideach iolra. Tréaniolra a thugtar ar an gcineál sin iolra.

Tá lagiolra ag ainmfhocail (i) a chríochaíonn ar chonsan caol san iolra nó (ii) má chuirtear 'a' leis an ainmfhocal chun an t-iolra a chumadh. Bíonn tréaniolra ag na hainmfhocail eile ar fad.

	Aifreann	**tórramh**	**sochraid**
Ainmneach iolra	na hAifrinn *(lagiolra)*	na tórraimh *(lagiolra)*	na sochraidí *(tréaniolra)*
Ginideach iolra	Tábhacht na nAifreann	I ndiaidh na dtórramh	Socruithe na sochraidí

Ceist 6

Is olc liom do bhris.
Ní maith liom do thrioblóid.
Tá mé buartha faoi do thrioblóid.
Go dtuga Dia sólás daoibh.
Grásta ó Dhia ar a anam.
Ar dheis Dé a raibh a anam dílis.
Go ndéana Dia a mhaith orthu.
Go ndéana Dia trócaire orthu.

Tuairimíocht atá i gceist leis an tríú ceist.

Eimear Ní Chonaola
Tá an galfaire mór le rá, Christy O'Connor Junior, á thórramh i nGaillimh tráthnóna. Tháinig na céadta lena gcomhbhrón a chur in iúl dá chlann agus dá mhuintir. Beidh Aifreann a shochraide ar siúl in Ardeaglais na Gaillimhe, maidin amárach.

Irene Ní Nualláin
Tháinig lucht spóirt, cairde agus gaolta an ghalfaire, Christy O'Connor Junior, chuig Séipéal Chnoc na Cathrach tráthnóna lena gcomhbhrón a chur in iúl dá chlann faoina bhás. Bhí sé á thórramh i seomra Naomh Antaine sa séipéal.

Seán Bán Breathnach
Ní hamháin gur sárghalfaire a bhí ann ach b'fhear uasal a bhí ann agus nuair a úsáidtear an focal *raconteur*, ba é seo é. Bhí chuile shórt aige.

Mícheál Ó Muircheartaigh
Nuair a tháinig Christy Óg ar an láthair, as sin amach bhí suim ag gach éinne ann. Bhí sé go hiontach i measc daoine. Thaitin sé go mór le daoine a bheith ag féachaint air ag imirt. Bhain sé sult as, ba léir é sin. Tháinig sé go dtí gach duine mar chara agus d'fhág sé mar chara chomh maith.

Iognáid Ó Muircheartaigh
Bhí an-chaidreamh agam leis. Do bhronnamar céim oinigh air ón Ollscoil anseo i nGaillimh timpeall deich mbliana ó shin. Bhronnamar an chéim air féin agus ar a uncail.

Irene Ní Nualláin
Seacht mbliana le cois na trí scór a bhí sé. Cailleadh é go tobann agus é ar saoire in Tenerife. Maireann a bhean, Anne, agus beirt chlainne, agus a uncail Christy O'Connor Senior, a bhí mar dhlúthchara agus chomhairleoir dílis aige ar feadh a shaoil.

Enda Kenny, An Taoiseach
Bhuel nach iontach ar fad an fear ba ea é, fear a raibh clann iontach aige. Fear a rinne…a rinne obair ar son mhuintir na hÉireann, agus ar son an spóirt. Bhí sé iontach báúil leis i rith a shaoil[1] ar fad. Go ndéana Dia trócaire ar a ainm dílis.

Irene Ní Nualláin
Tabharfar a chorp chuig Ardeaglais na Gaillimhe tráthnóna, áit a mbeidh Aifreann a shochraide ar siúl ag meán lae amárach. Cuirfear ansin é i Reilig Ráthúin in iarthar na cathrach.

[1] *a saoil* a deirtear